# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**3ú Bealtaine 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**02.05** Satharn 11 r.n. Pól Ó Donnachadh,Machaire Rabhartaigh, (Cuimh Míosa)

**An Chéad Satharn -** Faoistin 10.15-11.00. Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh

**02.05** Satharn 7 i.n.

**03.05** Domhnach 9 r.n.

**03.05** Domhnach 11 r.n.

**03.05** Domhnach Beidh Aifreann Naofa & Seirbhís Leighis leis an tAth Brendan Walsh & Eileen King,

**4.30 i.n.** Paidrín,moladh & caint

**6.00 i.n.** Aifreann & seirbhís leighis.

Beidh faoistin ar fáil ar an lá.

**04.05** Luain 7 i.n.

**05.05** Máirt 10 r.n.

**06.05** Céadaoin 7 i.n.

**07.05** Déardaoin 7 i.n.

**08.05** Aoine 7 i.n.

**09.05** Satharn 12 i.n. **An Chéad Chomaoineach i dToraigh**

**09.05** Satharn 7 i.n.

**10.05** Domhnach 9 r.n.

**10.05** Domhnach 11 r.n.

Johnny Whoriskey,Caoldroim

**BÁS LE GAIRID**

Anna Ní Bhaoill,An Fál Carrach/Min a Chladaigh
Mary Treacy, Machaire Rabhartaigh/An Ómaigh
Antoin Barry, Machaire Rabhartaigh/Dún Droma
Maura Fitzgerald, Ciarraí

**THE IRISH CATHOLIC**

- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**

Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**PAIDRÍN**

Beidh paidrín ag Grotto Machaire Rabhartaigh achan Déardaoin i rith na Bealtaine @ 8.00 i.n.

**CRUINNIÚ AIRGID**

Tógadh €1,390 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**AN CÚIGIÚ DOMHNACH DEN CHÁISC A**

**AN CHÉAD LÉACHT**

**Sliocht as Gníomhartha na nAspal. 6:1-7.**

Sna laethanta sin, mar go raibh líon na ndeisceabal ag méadú, tharla monabhar ag na Gréagaigh in éadan na nEabhrach, go raibh siad ag déanamh neamhshuim ina gcuid baintreach san fhriotháil laethúil. Ansin scairt an dáréag ar shlua uile na ndeisceabal i gceann a chéile, agus dúirt: "Ní cóir dúinn briathar Dé a fhágáil, agus a bheith ag freastal ag boird. Dá bhrí sin, a bhráithre, cuardaígí in bhur measc seachtar fear a bhfuil clú maith orthu, agus iad lán den Spiorad Naomh agus d'eagna, a chuirfimid i mbun na h-oibre seo. Caithfimidne ár ndúthracht ag urnaí agus ag ministreacht an bhriathair." Thaitin an chaint sin leis an slua go léir. Thogh siad Stiofán, fear a bhí lán de chreideamh agus den Spiorad Naomh, agus seisear eile; Procaras, Nicánór, Tíomón, Parmanas agus Nioclás, comhalta úr as an Aintíoc. Chuir siad iad seo i láthair na nAspal; agus ag guí dóibhsean, leag siad a lámha orthu. D'fhás briathar Dé agus mhéadaigh líon na ndeisceabal in Iarúsailéim go mór. Ghéill cuid mhór de na sagairt fosta don chreideamh.

**Briathar an Tiarna.**

**FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**

**Tabhair dúinn do bhuanghrá, a Thiarna,**
**de réir an dóchais a chuirimid ionat.**

**AN DARA LÉACHT**

**Sliocht as céad litir Naomh Peadar. 2:4-9.**

A chlann ionúin, is é an Tiarna an chloch bheo ar dhiúltaigh na daoine dó, ach atá ina seoid luachmhar thofa i súile Dé; agus bígí féin mar chlocha beo a bhfuil teach spioradálta a thógáil leo, le bheith in bhur mbuíon sagart, a ofráilfeas íobairtí spioradálta taitneamhacha do Dhia trí Íosa Críost. Mar a léitear sa scrioptúr: 'Féach, leagaim i Síón roghachloch ghlórmhar choirnéil agus cibé a chreideann inti ní rachaidh a dhóchas amú.' Dá bhrí sin, is údar glóire daoibhse é, a bhfuil creideamh agaibh, ach maidir le lucht an díchreidimh is é an chloch é ar dhiúltaigh na saoir dó agus go ndéarnadh barrchloch an choirnéil de. Is cloch é a bhainfeas tuisle as daoine; carraig a leagfas ar lár iad. Baintear tuisle astú mar nár chreid siad an bhriathar; mar ba é sin an rud a bhí i ndán dóibh.

Ach maidir libhse, is cine tofa sibh, sagartacht ríoga, náisiún naofa, pobal ar leith le go bhfógródh sibh mór-éachtaí an té a ghlaoigh as an dorchadas chun a sholais iontaigh féin sibh.

**Briathar an Tiarna.**

**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**Alleluia, alleluia!**
"Is mise an Bealach, an Fhírinne agus an Bheatha." a deir an Tiarna. Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa." **Alleluia!**

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin. 14:1-12.**
San am sin dúirt Íosa lena dheisceabail:
"Ná bíodh buaireamh in bhur gcroí;
creideann sibh i nDia; creidigí ionamsa fosta.
Is iomaí áras i dteach m'Athar.Mura mbeadh, d'inseoinn daoibh é. Tá mé ag imeacht anois chun áit a chur fá réir daoibh, tiocfaidh mé arís agus glaoifidh mé chugam féin sibh ionas go mbeidh sibhse san áit a mbímse. Tá a fhios agaibh cá bhfuil mé ag dul agus tá eolas an bhealaigh agaibh." Dúirt Tomás leis: "A Thiarna, níl a fhios againn cá bhfuil tú ag dul agus caidé mar bheadh eolas an bhealaigh againn?"
Dúirt Íosa leis: "Is mise an Bhealach, an Fhírinne agus an Bheatha. Ní féidir le duine ar bith teacht chuig an Athair ach tríomsa. Dá mbeadh aithne agaibh ormsa, is cinnte go mbeadh aithne agaibh ar m'Athair fosta.
Ach beidh aithne agaibh air feasta, chonaic sibh é."
Dúirt Philib leis: "A Thiarna, taispeáin dúinn an tAthair agus is leor dúinn sin." Dúirt Íosa leis: "An bhfuil mé an fhad sin aimsire i bhur measc agus gan aithne agaibh orm, a Philib?" "An té a tchí mise, tchí sé an tAthair fosta. Conas, mar sin a deir tú: 'Taispeáin dúinn an tAthair'? Nach gcreideann tú go bhfuil mise san Athair agus an tAthair ionamsa? Ná briathra a labhraímsa libh, ní uaim féin a labhraim iad, ach an tAthair atá ina chónaí ionamsa, eisean a dhéanann na hoibreacha. Creidigí uaimse é go bhfuil mise san Athair agus an tAthair ionamsa. Nó murab é sin, creidigí mar gheall ar na hoibreacha féin. Amen, Amen, a deirim libh, an té a chreideas ionamsa, dhéanfaidh seisean fosta na hoibreacha a ghním-se,agus dhéanfaidh sé oibreacha is mó ná iad de bhrí go bhfuil mise ag dul chuig an Athair."**Soiscéal an Tiarna.**
**FR. Moladh duit, a Chríost.**

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE - Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**23.05.26 - An Chéad Chomaoineach**

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
**Dé Sathairn** 02/05 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 03/05 @ 9.00:
**Dé Domhnaigh** 03/05 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh
**Dé Sathairn** 09/05 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 10/05 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
**Dé Domhnaigh** 10/05 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

**LÉITHEOIRÍ - Bealtaine**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Mairead Ní Mhaolchiaráin
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Mícheál Mac Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n.Karen Ní Fhríl
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Bealtaine**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Graceann Ní Bhrádaigh & Mícheál Ó Gallchóir
Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Sinead Ní Cholm & Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Méabha Whoriskey & Bríd Nic Eachmharcaigh

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
Dé Luain: Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise 10-12 r.n
Déardaoin: Aeróbaice Chathaoir 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime 12-12.30 Cardaí 7.30 i.n.€5
Bhain Helena Uí Ghallachóir, Gort a'Choirce €126 ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n.
Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

**CUARTAÍOCHT BHAILE**
Dhéanfaidh an tAth. Donnchadh cuairt a thabhairt ar na seandaoine agus na daoine tinne, trathnóna **Dé Luain, Dé Céadaoine agus Dé hAoine seo chugainn:**
**Dé Luain:** Cill Ulta, Doire Chonaire
**Dé Céadaoine:** Machaire Rabhartaigh, Mín Lárach
**Dé hAoine:** Sruthán, Gort a' Choirce, Fána Bhuí, An Bhealtaine, An Cheathrúin, An Ardaidh Mhór, An Ardaidh Bheag